COMHAIRLE
NA GAELSCOLAÍOCHTA

# Leabhrán Eolais

## Tag: OSST 0618
## Oifigeach Sinsearach Seirbhísí Tacaíochta

**Ní mór d'iarratais chomhlánaithe bheith seachadta tráth nach déanaí ná 12.00 i.n., Dé hAoine, 20 Iúil 2018**

## CLÁR NA nÁBHAR


| | Leathanach |
|---|---|
| 1. Cúlra | 3 - 3 |
| 2. Sainchuntas Poist | 4 - 6 |
| 3. Sonraíocht faoin Phearsa | 7 - 8 |
| 4. Príomhshonraí an Phoist | 9 - 10 |
| 5. An Próiseas Measúnaithe agus Earcaíochta | 11 - 11 |
| 6. Tuilleadh Eolais | 12 - 13 |


**Cumarsáid le hiarrthóirí:**
Beidh Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG) ag úsáid na meáin leictreonacha oiread agus is féidir. Mar sin de ní mór duit do bhosca ríomhphost a sheiceáil sa dóigh is nach gcailleann tú cumarsáid thábhachtach le linn an chomórtais earcaíochta. Áfach beidh cuid den chomhfhreagras i bhfoirm cáipéisí nuair is gá ó am go ham.

## CÚLRA

Cuireadh an comhlacht ar bun i mí Lúnasa 2000 faoi Mheabhrán Comhlachais inar leagadh síos cuspóirí agus cumhachtaí an charthanais, agus tá sé rialaithe faoina Airteagail Chomhlachais. An Roinn Oideachais a chuir an comhlacht ar bun chun an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh i dTuaisceart Éireann ar bhealach comhordaithe, pleanáilte, a bheadh éifeachtúil ó thaobh an oideachais de agus éifeachtach ó thaobh na gcostas de. I mí Aibreáin 2012, ceapadh CnaG ina chomhlacht neamhrannach poiblí. Is ó chroídheontas ón Roinn Oideachais a fhaigheann an carthanas an chuid is mó dá chuid maoinithe.

Is é misean an charthanais gach uile ghné den Ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh trí:

(1) Cuidiú agus comhairle a chur ar fáil i dtaca le pleanáil fás agus forbairt na hearnála, a chlúdaíonn soláthar tacaíochta agus comhairle do thuismitheoiri i dtaca le bunú scoileanna, a bheith rannpháirteach i bpleanáil ceantair.

(2) Leas na ndaoine a bhfuil baint acu leis na scoileanna a chur chun cinn agus caighdeáin dea-chleachtais a chur chun cinn taobh istigh de na scoileanna.

(3) Teagmháil leanúnach a dhéanamh le comhlachtaí eile agus ionadaíocht a dhéanamh dá gcuid dearcthaí d'fhonn an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn. I measc na gcomhlachtaí sin tá an Roinn Oideachais, an tÚdarás Oideachais, an Chomhairle Curaclaim, Measúnachta agus Scrúduithe, Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil agus comhlachtaí oideachasúla eile.

# Réamhrá

Feidhmeoidh an tOifigeach Sinsearach Seirbhísí Tacaíochta (OSST) mar bhall foirne d'fhoireann shinsearach Chomhairle na Gaelscolaíochta. Is é an Príomhfheidhmeannach a bheidh mar bhainisteoir líne acu agus cuirfear oifigeach ainmnithe agus tacaíocht riaracháin ar fáil dóibh.

Beidh ar an OSST a léiriú go bhfuil tuiscint dhomhain acu ar an Ghaelscolaíocht, agus ar riachtanais na hearnála. Beidh orthu a léiriú go bhfuil eolas cothrom le dáta acu ar an reachtaíocht, na polasaithe agus na straitéisí atá mar fhráma chun an Ghaelscolaíocht a chur ar fáil i scoileanna chomh maith leis na dúshláin agus na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann do scoileanna nua agus do scoileanna i mbéal forbartha. Cuirfidh siad tacaíocht ar fáil do chleachtóirí Gaelscolaíochta agus tacóidh siad leis an obair i bpobail chun soláthar nua Gaelscolaíochta a fhorbairt.

Beidh an OSST mar bhall den Fhoireann Ardbhainistíochta mar aon leis an Phríomhfheidhmeannach (PF), Oifigeach Sinsearach Polasaí agus Abhcóideachta agus Oifigeach Sinsearach Seirbhísí Corparáideacha. Breathnófar ar an Phríomhfheidhmeannach mar 'shaoi i measc na sua'; oibreoidh seisean agus a Fhoireann Ardbhainistíochta i ndlúthchomhar le chéile chun tosaíochtaí straitéiseacha CnaG a chur i bhfeidhm ach is aige a bheidh an focal scoir ar cheisteanna oibríochtúla. Dá réir, déanfar an eagraíocht a bhainistiú ar bhonn dinimiciúil comhoibríoch. Beidh foireann oifigeach, a bheidh ag feidhmiú faoi leibhéal na Foirne Ardbhainistíochta, ag cur tacaíocht ar fáil chun straitéis agus cuspóirí pholasaithe na heagraíochta a chur i bhfeidhm.

Beidh an OSST lonnaithe in oifigí Chomhairle na Gaelscolaíochta ach is féidir go mbeidh cuid den obair lonnaithe lasmuigh de Bhéal Feirste.

# Príomhfheidhmeanna an Phoist

Beidh cúram an OSST rannta ina dhá fheidhm leathana. Beidh oifigigh chomhairleacha ainmnithe ann chun tacú leis an OSST:

1. **Tacaíocht Oideachais**

   Oibreoidh an OSST le hoifigigh shinsearacha eile agus le fochoistí ag gach céim chun cuidiú leis an Bhord raon polasaithe agus straitéisí a ghlacadh a bheidh mar bhonn eolais, mar thacaíocht agus mar bhonn forbartha d'earnáil na Gaelscolaíochta.

   Beidh príomhról ag an OSST maidir leis an Ghaelscolaíocht a fhorbairt agus a dhaingniú ón réamhscolaíocht go dtí an iar-bhunscolaíocht trí idirghabháil a dhéanamh ar son / comhordú a dhéanamh ar raon leathan

de sheirbhísí comhairleacha agus tacaíochta a sholáthar lena n-áireofar iad seo a fháil ó fhorais eile / treoir a fháil ina leith ó fhorais eile.

Oibreoidh an OSST go dlúth le Grúpa Ceannaireachta na Gaelscolaíochta agus leis an Údarás Oideachais chun a chinntiú go mbeidh cur chuige straitéiseach, comhtháite agus comhaontaithe ann i leith feabhsú scoile in earnáil na Gaelscolaíochta.

Tacóidh an OSST le scoileanna mar seo a leanas:

- Treoir, tacaíocht agus comhairle a sholáthar do mhúinteoirí, Boird Ghobharnóirí Scoile, coistí agus stiúrthóirí Chomhairle na Gaelscolaíochta maidir le gach a mbaineann le tacaíocht oideachasúil;
- Tuairimí agus riachtanais tacaíochta earnáil na Gaelscolaíochta a chur in iúl don Roinn Oideachais, don Údarás Oideachais agus d'eagraíochtaí eile;
- Tuairimí agus riachtanais tacaíochta earnáil na Gaelscolaíochta a chur in iúl don Roinn Oideachais, don Údarás Oideachais agus d'eagraíochtaí eile;
- Bheith i mbun plé leis an Phróiseas Pleanála Ceantair agus cabhrú leis chun áiseanna scoile a fheabhsú
- Bheith i mbun plé leis an Roinn Oideachais agus leis an Údarás Oideachais chun a chinntiú go mbíonn dóthain tacaíochta ann chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach sa Ghaelscolaíocht;
- Bheith ag obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus leis an Údarás Oideachais lena chinntiú go mbeidh oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil chuí ann d'earnáil na Gaelscolaíochta;
- Bheith i dteagmháil le húdaráis agus le scoileanna cuí chun dul i ngleic le laigí i bhfeidhmíocht scoile i gcásanna ina n-aimsítear a leithéid;
- Bheith ag obair leis na heagraíochtaí cuí i dtaca le hábhair churaclaim a sholáthar don Ghaelscolaíocht;
- Cur chuige straitéiseach a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh soláthar dóthanach i nGaelscoileanna d'fhoireann teagaisc agus neamhtheagaisc atá cáilithe go cuí;
- Bheith i dteagmháil le grúpaí leasmhara eile, m.sh. Altram, Luathbhlianta, chun gníomhaíochtaí tacaíochta cuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'earnáil Luathbhlianta na Gaelscolaíochta;
- Soláthar a éascú de raon de ghrúpaí idirchaidrimh a bheidh mar chuidiú maidir le hobair agus forbairt chomhpháirteach san earnáil, m.sh. Fóram na bPríomhoidí; Comhphobal Foghlama;
- Tacú le scoileanna trí chomhairle agus ionadaíocht a sholáthar maidir leis an Scéim Mhaoinithe Chomhchoiteann.

## 2. Tacaíocht don Phobal

Beidh an OSST freagrach as comhairle agus tacaíocht a sholáthar do phobail ar spéis leo tacú le forbairt agus rath na Gaelscolaíochta.

Déanfaidh an OSST comhordú ar obair na n-oifigeach comhairleach chun tacú le pobail mar seo a leanas:

- Straitéisí Chomhairle na Gaelscolaíochta i leith chur chun cinn na Gaelscolaíochta a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt;
- Tacú le grúpaí áitiúla chun cuidiú leo cur leis an líon daltaí agus chun beocht agus inmharthanacht an tsoláthair Ghaelscolaíochta atá ann cheana a neartú;
- Tacaíocht agus comhairle a thabhairt maidir le soláthar nua Gaelscolaíochta a bhunú chun riar ar ghá sainaitheanta;
- Cuidiú agus comhairle a sholáthar do ghrúpaí tuismitheoirí agus oiliúint do Bhoird Ghobharnóirí agus do choistí réamhscolaíochta.

## Freagrachtaí Eile

Cuirfidh an OSST i gcrích raon de fhreagrachtaí eile lena n-áireofar:

- Foireann de bhaill foirne a stiúradh agus a bhainistiú go héifeachtach ag cinntiú go bhfuiltear á n-oiliúint agus á bhforbairt go gairmiúil;
- Tuairiscí agus comhairle thráthúil rialta a sholáthar don PF agus do Bhord Stiúrthóirí Chomhairle na Gaelscolaíochta de réir mar is gá ar aon ghné d'obair na heagraíochta;
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann Chomhairle na Gaelscolaíochta go gairmiúil i gcónaí;
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann Phríomhfheidhmeannach Chomhairle na Gaelscolaíochta de réir mar is gá;
- Tacóidh an OSST leis an PF agus le hoifigigh shinsearacha eile i ngach gné den phróiseas Pleanála Ceantair de réir mar is gá;
- Lánchúnamh a thabhairt chun an eagraíocht a phleanáil agus a bhainistiú go straitéiseach tríd an fhoireann ardbhainistíochta chun tacú leis an PF agus leis an Bhord;
- Beidh ról lárnach ag an OSST chun tacú leis an PF chun Plean Corparáideach agus Pleananna Gnó na heagraíochta a ullmhú.
- Dualgais eile a chur i gcrích go héifeachtach atá réasúnta, dar leis an Chomhairle, chun a haidhmeanna a chur i gcrích.

Amach anseo is féidir go mbeidh sé riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar na freagrachtaí thuas sa chás go gceapfar baill foirne shinsearacha bhreise. Is féidir go n-iarrfar ar an OSST éirí as cuid de na freagrachtaí thuas nó tabhairt faoi fhreagrachtaí nua i gcomhthéacs foriomlán na bhfreagrachtaí atá ar fhoireann ardbhainistíochta na heagraíochta.

## Sonraíocht Faoin Phearsa

### Critéir Bhunriachtanacha

Faoin dáta deiridh a nglacfar le hiarratais, ní mór go mbeidh na nithe seo a leanas ag iarratasóirí:

1. Céim nó cáilíocht Ardoideachais chomhionann ábhartha;
2. Fianaise ar thaithí dhá bhliain maidir le bheith ag obair ag ardleibhéal san oideachas nó i seirbhísí tacaíochta oideachais;
3. Fianaise ar thaithí dhá bhliain i dtaca le ceannaireacht éifeachtach a chur ar fáil lena n-áirítear cuspóirí eagraíochtúla straitéiseacha a fhorbairt agus a chur i gcrích;
4. Fianaise ar dhul i gcion ar chaidrimh dhearfacha, thairbheacha agus chomhairleacha le raon ilchineálach de pháirtithe leasmhara, agus ar iad a spreagadh agus a thógáil;
5. Ardscileanna cumarsáide lena n-áirítear cumarsáid scríofa agus labhartha i nGaeilge agus i mBéarla, agus taithí ar phacáistí “microsoft Office” a úsáid;
6. Láncheadúnas tiomána agus rochtain ar fheithicil le haghaidh taisteal a bhaineann leis an obair.

### Critéir Inmhianaithe
(Is féidir go dtabharfar na critéir inmhianaithe san áireamh sa ghearrliostú)

1. In ann a léiriú go rabhthas rannpháirteach roimhe seo san earnáil Ghaelscolaíochta;
2. In ann a léiriú go rabhthas rannpháirteach roimhe seo san earnáil Ghaeilge dheonach nó phobail.

Tabhair do d’aire, le do thoil:

- Ní mór duit a chinntiú go gcuireann tú fianaise ar do thaithí ar fáil i d’fhoirm iarratais, agus fad na taithí, samplaí agus dátaí a lua de réir mar is gá;
- Cáilíochtaí comhionanna: luaigh an cineál cáilíochta agus dáta a bronnta (is é an dáta bronnta ná an dáta ar chuir an foras bronnta oifigiúil do thoradh in iúl duit). Má mheasann tú go bhfuil do cháilíocht comhionann leis an cháilíocht atá á lorg, is ort atá an fhreagracht sonraí a chur ar fáil don phainéal ionas gur féidir cinneadh eolach a dhéanamh. Ní mór don phainéal roghnóireachta bheith in ann teastais bhunaidh a fheiceáil ag an agallamh.
- Ní leor go díreach liosta a sholáthar de do dhualgais agus de do fhreagrachtaí.
- Ní thiocfaidh an painéal roghnóireachta ar aon tuairimí bunaithe ar theideal phost an iarratasóra ná ar nádúr na heagraíochta maidir leis na scileanna agus an taithí a fuarthas.

- Mura gcuireann tú go leor sonraí ar fáil, lena n-áireofar na dátaí cuí atá riachtanach chun na critéir cháilitheachta a shásamh, diúltóidh an painéal roghnóireachta do d'iarratas.

**Tabhair do d'aire: Ní mór duitse a chur in iúl go soiléir ar d'fhoirm iarratais cén dóigh a gcomhlíonann tú, agus cá mhéad a chomhlíonann tú, gach ceann de na critéir riachtanacha seo, mar aon leis na critéir inmhianaithe más gá.**

**Ní mór d'iarratasóirí sonraí leordhóthanacha a chur ar fáil le cur ar chumas an phainéil measúnú a dhéanamh ar a mhéad a chomhlíonann siad na riachtanais seo. Mura gcuireann tú in iúl go soiléir ar d'fhoirm iarratais cén dóigh a gcomhlíonann tú gach ceann de na critéir riachtanacha agus, más gá, na critéir inmhianaithe, ní thabharfar cuireadh chun agallaimh duit.**

## Príomhshonraí an Phoist

**FAD AN CHONARTHA**
Is post buan é seo atá faoi réir chríochnú sásúil tréimhse ar tástáil de 6 mhí. Mura bhfuil an sealbhóir poist ábalta an caighdeáin feidhmíochta, iompraíocht nó freastal a choinneáil ag leibhéal sásúil le linn na hama seo tá cead ag CnaG an t-am promhaidh a shíniú nó an conradh a chríochnú le linn nó ag deireadh an tréimhse promhaidh.

**TUARASTAL**

Beidh an tuarastal taobh istigh den bhanda £36,379 - £39,177 (CCN (*NJC*) 41-44). De réir coinníollacha Comhaontas na gComhchomhairlí Náisiúnta CCN (*NJC*).

**UAIREANTA OIBRE**

Is ionann an ghnáthsheachtain oibre agus 36.25 uair an chloig.

Beidh ar an té a n-éireoidh leis/léi freastal ar ócáidí i ndiaidh na hoibre agus ag an deireadh seachtaine freisin, de réir mar is gá.

**LAETHANTA SAOIRE**

Mar aon le 12 lá reachtúla, beidh an liúntas saoire cothrom le 25 lá in aghaidh na bliana.

**SUÍOMH/TAISTEAL**

Beidh an té a éireoidh leis/léi lonnaithe in oifigí CnaG ar Shráid na Banríona, Béal Feirste. Beidh ar an té a éireoidh leis/léi taisteal mar gheall ar dhualgais oifigiúla sa phost seo; mar sin, beidh air/uirthi rochtain a bheith aige/aici ar chineál iompair a chuirfidh ar a c(h)umas a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh.

Is ionann an liúntas taistil agus thart ar £846 – £1,239 in aghaidh na bliana. Beidh an liúntas míleáiste idir 36.9p agus 50.5p in aghaidh an mhíle. Braithfidh an méid a gheofar ar dhá fhachtóir éagsúla: cibé acu atá úsáid riachtanach an chairr nó úsáid ócáideach an chairr i gceist leis; agus méid inneall an chairr.

**PINSEAN:**

Beidh fáil ar phinsean de chuid Scéim Choiste Aoisliúntais Oifigigh Rialtais Áitiúil Thuaisceart Éireann (SCAORÁTÉ) (*NILGOSC*). Tugtar an Scéim Pinsin Rialtais Áitiúil (An Scéim) ar an scéim pinsin seo agus is scéim pinsin le sochar sainithe í.

## SEICEÁLACHA RÉAMHCHEAPACHÁIN

Beidh ar an té a éireoidh leis/léi seiceálacha réamhcheapacháin, arna chinneadh ag an eagraíocht, a dhéanamh sula dtosóidh sé/sí sa phost.

## TUILLEADH EOLAIS

Is cóir d'iarratasóirí ar mian leo tuilleadh eolais a fháil maidir leis an phost roimh dóibh iarratas a dhéanamh glaoch a chur ar Phól Ó Mórdha ar 028 90321475 / 028 90897311 nó ríomhphost a chur chuige ag pomordha@comhairle.org.

Má bhíonn aon cheist agat faoin phróiseas comórtais, seol teachtaireacht ríomhphoist chuig Pól Ó Mórdha chomh maith.

## AN PRÓISEAS MEASÚNAITHE

Rachaidh na hiarratasóirí siúd a chomhlíonann na critéir riachtanacha, agus na critéir inmhianaithe más gá, ar aghaidh chuig an chéad chéim den phróiseas measúnaithe.

Beidh níos mó eolais faoin phróiseas measúnaithe seolta amach chuig na hiarratasóirí a éiríonn leo agallamh a fháil.

# TUILLEADH EOLAIS

## An Fhoirm Iarratais a Chur Isteach

- Is ceart breathnú ar an Treoirleabhar sula gcomhlánófar foirm iarratais.
- **Ní mór** don iarratasóir **gach** cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú sula bhféadfar a (h)iarratas a chur san iomaíocht. Mura ndéantar é seo, d'fhéadfadh sé go ndícháileofaí é/í.
- Ní mór an fhoirm iarratais agus an fhoirm mhonatóireachta, arna gcomhlánú, a chur ar ais chuig an Fhoireann Earcaíochta ag pomordha@comhairle.org. De rogha air sin, is féidir leat na foirmeacha a chur ar ais tríd an phost chuig Foireann Earcaíochta CnaG, Teach an Gheata Thiar,4 Sráid na Banríona, Béal Feirste, BT1 6ED.
- Ní mór do d'iarratas bheith seachadta tráth nach déanaí ná: 12:00 i.n., Dé hAoine, an 20 Iúil 2018.
- Ní mór gach iarratas bheith faighte tráth nach déanaí ná an dáta deiridh fógartha. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha a fhaightear tríd an phost ná tríd an ríomhphost. Is cóir d'iarratasóirí a úsáideann an Post Ríoga a thabhairt dá n-aire nach ngealltar seachadadh ar a gcéad lá eile i gcás an phoist den chéad ghrád. Is é an t-iarratasóir atá freagrach as leorphostas a íoc lena chinntiú go seachadfar an fhoirm chuig Foireann Earcaíochta CnaG. Ní ghlacfaidh CnaG le haon iarratas a n-iarrtar air easnamh postais a íoc ina leith.
- Ní chuirfear ach an stair fostaíochta, agus na codanna a bhaineann le critéir riachtanacha agus inmhianaithe ar fáil don phainéal.
- Moltar d'iarratasóirí iarratais a chur isteach tríd an ríomhphost nuair is féidir. Cuirfear fáilte roimh iarratais ar chóipeanna crua den phacáiste iarratais, áfach, agus tabharfar cothrom na féinne do gach iarratas beag beann ar cibé acu a cuireadh isteach tríd an phost nó tríd an ríomhphost é.
- Ná déan iarracht na foirmeacha iarratais a athfhormáidiú nó déanfar tú a dhícháiliú.

### Foirm Mhonatóireachta ar Chomhdheiseanna

Is fostóir comhionannas deiseanna é CnaG, a chuireann fáilte roimh iarratais ó bhaill den Phobal Protastúnach agus ó mhná go háirithe.

Déanfar na hiarratais uile ar fhostaíocht a mheas ar bhonn tuillteanais amháin.

### Riachtanais ó thaobh Míchumais de

Iarrfar ort ar an fhoirm iarratais an dteastaíonn uait aon choigeartú réasúnta, de dheasca míchumais, le cur ar do chumas freastal ar aon chuid den phróiseas measúnaithe. Ní úsáidfear sonraí maidir leis an mhíchumas seo ach chun na críche seo amháin agus ní úsáidfear in aon chuid den phróiseas roghnúcháin iad. Má tá curtha in iúl agat ar d'fhoirm iarratais go bhfuil tú faoi mhíchumas agus má éiríonn leat sa phróiseas roghnúcháin agus má tá tú á mheas i gcomhair do cheaptha, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort breac-chuntas

a thabhairt ar na coigeartuithe a mheasann tú a bheadh ag teastáil uait le glacadh leis an cheapachán.

## Eolas Measúnaithe

Is cóir do gach iarrthóir a dtugtar cuireadh dóibh freastal ar an phróiseas measúnaithe cáipéisíocht dhóthanach a thabhairt leo leis na riachtanais fostaíochta a chomhlíonadh.

Is cóir duit a chinntiú gur féidir teacht ar na cáipéisí uile seo go héasca. Má thugtar cuireadh chun an phróisis mheasúnaithe duit, inseofar duit cé na cáipéisí atá i gceist leis seo in am is i dtráth.

## Riachtanais Fostaíochta

Ní mór do CnaG a dhearbhú go bhfuil de cheart agat obair a dhéanamh sa Ríocht Aontaithe de réir an dlí.

Rialaítear iontráil ar an Ríocht Aontaithe de réir an Achta um Inimirce, 1971. Tá gach aon duine nach bhfuil ceart cónaithe aige/aici faoi réir rialú inimirce. Is ceart duit a fháil amach roimh ré cibé acu atá nó nach bhfuil aon srian ar do chuairt nó ar do shaoirse le glacadh le fostaíocht nó le fostaíocht a athrú sula gcuirfidh tú isteach ar phost. Má thugtar cuireadh chun agallaimh duit, iarrfar ort cáipéisíocht a chur ar fáil a dhearbhaíonn go bhfuil de cheart agat obair a dhéanamh sa Ríocht Aontaithe, de réir théarmaí an Achta um Thearmann agus Inimirce, 1996.

Is féidir comhairle a fháil maidir leis an teidlíocht chun obair a dhéanamh ó láithreán gréasáin na hOifige Gnóthaí Baile, www.ind.homeoffice.gov.uk.

## Riachtanais ó thaobh Náisiúntachta de

Ní ann d'aon riachtanas ó thaobh na náisiúntachta de i gcás post de chuid CnaG.